**RABHADH**
**CAITHFEAR an ceistpháipéar seo a thabhairt ar ais le do fhreagarleabhar ag deireadh an scrúdaithe, nó caillfear marcanna.**

Scríobh do Scrúduimhir anseo: ☞

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

**SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2010**

# GNÓ – GNÁTHLEIBHÉAL
**(400 marc)**

**DÉ MÁIRT, 15 MEITHEAMH – TRÁTHNÓNA 2.00 go dtí 4.30**

**FREAGAIR**

**(A) Deich gceist as ROINN 1**

**AGUS**

**(B) Ceithre cheist as ROINN 2 mar a leanas:**

**Ceist amháin as Cuid 1 agus**
**Dhá cheist as Cuid 2 agus**
**Ceist amháin eile as Cuid 1 nó Cuid 2.**

**Tá na ceisteanna go léir ar aon mharc.**

**Ceadaítear áireamháin a úsáid.**
**Déanamh agus Sórt an Áireamháin a Úsáideadh:**

| C. | Marc |
|---|---|
| 1 | |
| 2 | |
| 3 | |
| 4 | |
| 5 | |
| 6 | |
| 7 | |
| 8 | |
| 9 | |
| 10 | |
| 11 | |
| 12 | |
| 13 | |
| 14 | |
| 15 | |
| Iomlán | |

# ROINN 1
**(100 marc)**

## CEISTEANNA GEARRFHREAGRA

**Freagair 10 gceist. Tá 10 marc ag gabháil le gach ceist. Cuir an ceistpháipéar seo ar ais in éineacht le do fhreagarleabhar, le do thoil.**

**1.** Cad dó a seasann na litreacha seo a leanas? (Scríobh gach freagra sa spás cuí.)

| | |
|---|---|
| **(i)** CP | |
| **(ii)** CV | |
| **(iii)** LLDB | |

**2.** Tá an t-eolas seo a leanas ar fáil ó chuntais deiridh Uí Cathasaigh Tta ar 31/12/09.

Sócmhainní Reatha **€ 500,000** Fiachais Reatha **€ 200,000**

**Ríomh:** **(i)** An Caipiteal Oibre ______________________

**(ii)** Cóimheas an Chaipitil Oibre ______________________

| **Oibrithe** |
|---|
| |

**3.** Cuir in iúl le tic (✓) cén catagóir nó cén earnáil tionscail a mbaineann gach ceann de na cúig ghnólacht atá sa liosta leis.

| | | **Príomhúil** | **Tánaisteach** | **Treasach/Seirbhísí** |
|---|---|---|---|---|
| **A** | Monarcha a dhéanann coinnle | | | |
| **B** | Comhlacht tacsaí | | | |
| **C** | Bróicéirí Árachais | | | |
| **D** | Feirmeoir déiríochta | | | |
| **E** | Comhlacht mianadóireacht guail | | | |

**4.** Luaigh **dhá** bhuntáiste atá ag ballraíocht an AE do ghnó na hÉireann:

**(i)** ______________________________________________

______________________________________________

**(ii)** ______________________________________________

______________________________________________

**5.** Liosta de théarmaí gnó atá i gColún 1. Liosta de mhínithe ar na téarmaí sin atá i gColún 2. (**Tá míniú amháin nach féidir a mheaitseáil le haon téarma díobh.**)

| **Colún 1: Téarmaí** | **Colún 2: Mínithe** |
|---|---|
| 1. ÍMAT | A. A íocann duine féinfhostaithe. |
| 2. Cáin Bhreisluacha (CBL) | B. Cáin a ghearrtar ar ús a thuilltear ar chuntais taisce. |
| 3. P45 | C. Cáin a ghearrtar ar phá a tuilleann fostaí. |
| 4. Cáin Ioncaim Fhéinmheasúnaithe | D. Cáin a ghearrtar ar bhronntanais nó ar oidhreachtaí a fhaigheann daoine. |
| 5. Cáin Choinneála ar Ús Cuntas Taisce (DIRT) | E. Tugtar é seo d'fhostaí má fhágann sé/sí a p(h)ost i rith na bliana cánachais. |
| | F. Cáin a ghearrtar ar dhíolachán earraí nó seirbhísí. |

Déan an dá liosta a mheaitseáil. Cuir an litir a bhaineann leis an míniú ceart faoin uimhir chuí thíos.

| **1** | **2** | **3** | **4** | **5** |
|---|---|---|---|---|
| | | | | |

**6.** Luaigh **dhá** shlí a dtéann rátaí arda úis i bhfeidhm ar chúrsaí gnó.

**(i)** ______________________________

______________________________

**(ii)** ______________________________

______________________________

**7.** Dréachtaigh, agus úsáid á baint agat as dáta an lae inniu, Meamram ó Michelle Dhéiseach, Bainisteoir Ginearálta, chuig an bhfoireann go léir ag meabhrú dóibh go bhfuil lá traenála le bheith ann Dé hAoine, 2 Iúil.

**MEAMRAM**

Chuig: ______________________________

Ó: ______________________________

Dáta: ______________________________

Tag: ______________________________

Síniú: ____________________ Teideal: ____________________

**8.** Scríobh FÍOR nó BRÉAGACH i ndiaidh gach ráitis díobh seo a leanas:

| | Ráiteas | Fíor nó Bréagach |
|---|---|---|
| 1. | Úsáidtear jabtháirgeadh chun táirgí sainiúla aon uaire a dhéanamh. | |
| 2. | Is é is Pleanáil Straitéiseach ann ná pleanáil fhadtéarma. | |
| 3. | Is bac ar chumarsáid éifeachtach é droch-chaidreamh a bheith idir seoltóir agus glacadóir an scéil. | |
| 4. | Bíonn earraí olltáirgthe an daor de ghnáth agus cáilíocht an-ard ag baint leo. | |
| 5. | Is é is Comhar Creidmheasa ann ná saghas Comharchumainn. | |

**9.** Liostaigh **trí** bhonn ar a bhfuil Leithcheal Fostaíochta mídhleathach faoin Acht um Comhionannas Fostaíochta 1998.

**(i)** ______________________

**(ii)** ______________________

**(iii)** ______________________

**10.** Luaigh **dhá** bhuntáiste a bhaineann le 'Comhpháirtíocht' mar shaghas gnólachta:

| |
|---|
| **(i)** |
| |
| **(ii)** |
| |

**11.** Mínigh an téarma 'rialú stoic': ______________________

______________________

______________________

______________________

**12.** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** shlí ina gcabhraíonn Rialtas na hÉireann le cúrsaí gnó:


**(i)** ______________________

______________________

**(ii)** ______________________

______________________

**13.** **(i)** Comhlánaigh na **trí** chéim atá in easnamh sa slabhra dáileacháin.




**(ii)** Tabhair **dhá** shampla de 'Déantóir':

Sampla 1: ______________________________________

Sampla 2: ______________________________________

**14.** Mínigh na riachtanais seo a leanas i dTosaíochtaí na Riachtanas ag Maslow.

**(i)** Bunriachtanais:

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

**(ii)** Riachtanais Sábháilteachta/Slándála:

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

**15.** Sainaithin **trí cinn** de na príomh-cheannteidil i bplean gnó (Sampla: Airgeadas)

**(i)** ____________________________________________________________

**(ii)** ____________________________________________________________

**(iii)** ____________________________________________________________

**NÁ DÉAN DEARMAD AN CEISTPHÁIPÉAR SEO A CHUR AR AIS LE DO FHREAGARLEABHAR**

# ROINN 2

**(300 marc)**

**Freagair <u>ceithre</u> cheist as ROINN 2 mar a leanas:**
**Ceist <u>amháin</u> as Cuid 1 agus**
**<u>Dhá</u> cheist as Cuid 2 agus**
**Ceist <u>amháin</u> eile as Cuid 1 nó Cuid 2.**

# CUID 1

**DAOINE SA GHNÓ**

**CEIST 1**

*Léigh an t-eolas a thugtar agus freagair na ceisteanna a leanas.*

*Cheannaigh Tomás agus Máire de Búrca meaisín níocháin ar €600 ó stóras leictreachais Uí Mhuirithe. Tar éis seachtaine amháin thug siad faoi deara nár chas an meaisín na héadaí i gceart agus gur fhan uisce sa mheaisín ag deireadh an timthrialla níocháin.*
*D'fhill siad ar an siopa chun gearán a dhéanamh.*

**(A)** **(i)** Ainmnigh an **dlí** a chosnaíonn na Búrcaigh sa chás seo. (10 marc)

**(ii)** Mínigh **trí** cheart dhlíthiúla atá ag muintir de Búrca **agus** dualgas **amháin** atá ar stóras leictreachais Uí Mhuirithe faoin dlí. (20 marc)

**(iii)** Mínigh **dhá** bhuntáiste a bhaineann le cás a thabhairt go dtí an Chúirt Mhionéileamh. (20 marc)

*Is oibrí sa rannóg phoiblí é Marc agus is ball de cheardchumann é.*
*Tá sé tar éis a bheith rannpháirteach i bpicéadú ag a láithreán oibre mar chuid de lá agóide náisiúnta.*

**(B)** **(i)** Mínigh an téarma 'picéadú'. (15 mharc)

**(ii)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** fheidhm atá ag cheardchumann. (10 marc)

**(75 mharc)**

**NÁ DÉAN DEARMAD AN CEISTPHÁIPÉAR SEO A CHUR AR AIS LE DO FHREAGARLEABHAR**

## AN TIMPEALLACHT INTÍRE/IDIRNÁISIÚNTA

### CEIST 2

*Léigh an t-eolas a thugtar agus freagair na ceisteanna mar a leanas.*

**Táirgí Bia Folláin Feirme Tta**

*Is le Séamas agus Martina de Faoite Táirgí Bia Folláin Feirme Tta, gnó feirmeoireachta agus gnó táirgthe bia orgánaigh i gCorcaigh. Táirgeann siad réimse táirgí idir úr agus reoite in aonad beag atá suite cóngarach dá bhfeirm. Go dtí seo bhí siad ag díol ar mhargadh na hÉireann amháin.*
*Le déanaí tá láithreán gréasáin forbartha acu agus tá a lán fiosrúchán faighte acu ó chustaiméirí féideartha i Sasana agus ó chustaiméirí eile san Eoraip.*
*Tá siad ag smaoineamh ar a ngnó a leathnú trí onnmhairiú a dhéanamh go tíortha eile.*
*Is maith a thuigeann Séamas agus Máire a bhfreagrachtaí eiticiúla agus creideann siad gur ceart déileáil le custaiméirí agus le fostaithe go macánta féaráilte. Aithníonn siad a bhfreagrachtaí timpeallachta agus na buntáistí a bhronnann a ngnó ar an bpobal áitiúil.*

**(A)** Luaigh **dhá** bhuntáiste a bhaineann le cuideachta theoranta phríobháideach. (10 marc)

**(B)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** fhreagracht a bhíonn ar ghnólacht i leith na timpeallachta. (15 mharc)

**(C)** Mínigh conas is féidir le Táirgí Bia Folláin Feirme Tta déileáil go heiticiúil:
- **(i)** lena gcustaiméirí;
- **(ii)** lena bhfostaithe. (20 marc)

**(D)** Luaigh **trí** dhúshlán/dheacracht a d'fhéadfadh a bheith ag Séamas agus Martina má shocraíonn siad ar onnmhairiú a dhéanamh go dtí margaí eile. (15 mharc)

**(E)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** bhuntáiste a d'fhéadfadh Táirgí Bia Folláin Feirme Tta a bhronnadh ar an bpobal áitiúil. (15 mharc)

**(75 mharc)**

## AN TIMPEALACHT INTÍRE

### CEIST 3

*Léigh an t-eolas a thugtar agus freagair na ceisteanna a leanas.*

Taispeánann an tábla seo a leanas Rátaí Dífhostaíochta ó Shamhain 2007 go dtí Bealtaine 2009.

| | **Samhain 2007** | **Bealtaine 2008** | **Samhain 2008** | **Bealtaine 2009** |
|---|---|---|---|---|
| Iomlán na ndaoine ar an mBeochlár | 150,000 | 200,000 | 250,000 | 400,000 |

**(A)** **(i)** Tarraing **barrachairt** chun an t-eolas thuas a léiriú. (10 marc)

**(ii)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** iarmhairt a bhíonn ag an méadú dífhostaíochta ar ioncam agus ar chaiteachas an Rialtais. (20 marc)

**(iii)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** iarmhairt a bhíonn ag an méadú dífhostaíochta ar chúrsaí gnó. (20 marc)

*Le déanaí tá méadú mór tagtha ar an líon tomhaltóirí Éireannacha a bhíonn ag siopadóireacht i dTuaisceart Éireann.*

**(B)** **(i)** Luaigh **dhá** iarmhairt atá ag na cúinsí seo ar gheilleagar na hÉireann. (15 mharc)

**(ii)** Laghdaigh Rialtas na hÉireann rátaí CBL i mbuiséad na Nollag 2009.
Conas is féidir leis an mbeart seo cabhrú chun na cúinsí thuas a chur ar a mhalairt de threo? (10 marc)

**(75 mharc)**

**NÁ DÉAN DEARMAD AN CEISTPHÁIPÉAR SEO A CHUR AR AIS LE DO FHREAGARLEABHAR**

# CUID 2

## FIONTAR/BAINISTÍOCHT

### CEIST 4

*Léigh an t-eolas a thugtar agus freagair na ceisteanna a leanas.*

*D'oibrigh Roisín Ní Mhurchú mar ghruagaire ina baile dúchais ar feadh sé bliana. D'éirigh sí as a jab de dheasca caidreamh míshásúil a bheidh idir an fostóir agus na fostaithe sa láithreán oibre. Creideann sí gur cheannaire uathlathach ba ea Micheál, an ceannasaí a bhí aici ag an am.*
*Is duine fiontrach í Roisín agus tá sí díreach tar éis a salon gruaige féin a oscailt agus tá triúr ar an bhfoireann. Chríochnaigh sí cúrsa a bhain le do ghnólacht féin a thosú, phleanáil sí a gnó go maith agus d'eagraigh sí an t-airgeadas.*
*Téann sí i gcomhairle leis an bhfoireann go rialta faoi chúrsaí gnó agus is mór aici a dtuairimí. Íocann sí pá maith lena foireann oibre agus molann sí caighdeán ard agus cáilíocht a gcuid oibre. Is bean sármhaith chun cumarsáide í agus creideann sí i dTeoiric Y McGregor faoin inspreagadh.*

**(A)** Mínigh an téarma ceannaire uathlathach (tiarnasach). (10 marc)

**(B)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** shlí a bhféadfadh caidreamh míshásúil idir an fostóir agus na fostaithe dul i bhfeidhm ar ghnólacht. (15 mharc)

**(C)** Tabhair breac-chuntas ar **thrí** scil/thréith fiontraíochta a thaispeánann Roisín. (15 mharc)

**(D)** Ainmnigh **dhá** fhoinse fhadtéarma airgeadais a d'fhéadfadh Róisín a úsáid chun cabhrú léi tús a chur lena gnólacht agus mínigh ceann **amháin** díobh. (20 marc)

**(E)** Mínigh Teoiric Y McGregor faoin Inspreagadh, ag tagairt don téacs thuas. (15 mharc)

**(75 mharc)**

## BAINISTÍOCHT

### CEIST 5

*Léigh an t-eolas a thugtar agus freagair na ceisteanna a leanas.*

*Beidh a Chruinniú Ginearálta Bliantúil (CGB) ag Club Spóirt Ghleann Dairn i nGaillimh, in óstán áitiúil an mhí seo chugainn.*
*Tá an Cathaoirleach Siobhán Ní Bhaoill agus an Rúnaí Micheál de Brún ag pleanáil an chruinnithe agus ag plé míreanna le haghaidh an chláir.*
*Rinne tuilte damáiste don chlubtheach sé mhí ó shin.*
*Sheiceáil Siobhán an polasaí árachais agus rinne sí teagmháil leis an gcomhlacht árachais le haghaidh foirm éilimh.*

**(A)** Agus tú ag baint úsáide as dáta an lae inniu dréachtaigh an Fógra **agus** an Clár le haghaidh Chruinniú Ginearálta Bliantúil Chlub Spóirt Ghleann Dairn. (Ba cheart go mbeadh cúig mhír ar an gClár) (25 mharc)

**(B)** **(i)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** fhreagracht a bhíonn ar Chathaoirleach ag cruinniú.
**(ii)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** fhreagracht a bhíonn ar Rúnaí ag cruinniú. (20 marc)

**(C)** Luaigh **dhá** bhuntáiste a bhaineann le cruinnithe mar mhodh cumarsáide. (10 marc)

**(D)** **(i)** Mínigh na téarmaí árachais a bhfuil líne fúthu thuas. (10 marc)
**(ii)** Tabhair breac-chuntas ar conas a d'fhéadfadh an damáiste a rinne na tuilte dul i bhfeidhm ar phréimheanna árachais an chlub amach anseo. (10 marc)

**(75 mharc)**

**NÁ DÉAN DEARMAD AN CEISTPHÁIPÉAR SEO A CHUR AR AIS LE DO FHREAGARLEABHAR**

## CEIST 6

*Léigh an t-eolas a thugtar san fhógra seo a leanas agus freagair na ceisteanna a leanas.*



RÉITIGH TEICNEOLAÍCHT FAISNÉISE UÍ CHEOCHÁIN

**DEARTHÓIR GRÉASÁIN**

***Á Lorg***

Is comhlacht é Réitigh TF Uí Cheocháin atá bunaithe i mBaile Átha Cliath agus atá ag fás. Tá seachtar ar an bhfoireann oibre againn faoi láthair. Tá dearthóir gréasáin á lorg againn dár bhfoireann deartha gréasáin.

**An post:** Bualadh le cliaint chun a riachtanais a mheas a bheidh i gceist.
I measc na bhfreagrachtaí beidh dearadh agus forbairt sainláithreáin ghréasáin agus traenáil ar an láthair le haghaidh na gcliant. Féadtar dul chun réitigh faoi luachanna saothair.
**An t-iarrthóir idéalach:** taithí riachtanach, inniúlacht ar oibriú mar chuid d'fhoireann, scileanna sármhaithe cumarsáide agus cumas chun fadhbanna a réiteach.

Iarratas ar líne: ***reitightfuicheochain.com*** roimh 30 Meitheamh 2010.

**(A)** Mínigh na téarmaí seo a leanas agus tú ag tagairt don fhógra thuas:

- **(i)** jabthuairisc;
- **(ii)** sonrú pearsa.

(20 marc)

**(B)** Luaigh **trí** shlí arbh fhéidir le Réitigh TF Uí Cheocháin a fhoireann a chúiteamh. (15 mharc)

**(C)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** bhuntáiste a bhronnann obair bhuíne ar ghnólacht. (15 mharc)

**(D)** Luaigh **dhá** shlí, seachas an nuachtán, ar féidir le Réitigh FT Uí Cheocháin iad a úsáid chun foireann nua a earcú.

(10 marc)

**(E)** Tabhair breac-chuntas ar **thrí** bhuntáiste a bhronnann an Teicneolaíocht Faisnéise ar ghnólacht, agus tabhair samplaí.

(15 marc)


**(75 marc)**

**NÁ DÉAN DEARMAD AN CEISTPHÁIPÉAR SEO A CHUR AR AIS LE DO FHREAGARLEABHAR**

## GNÓ I nGNÍOMH

### CEIST 7

*Léigh an t-eolas a thugtar agus freagair na ceisteanna a leanas.*




**(A)** Luaigh **trí** thoisc a théann i bhfeidhm ar phraghas táirge. (15 mharc)

**(B)** Dréachtaigh an léaráid do Shaolré Táirge agus cuir lipéad air. (15 mharc)

**(C)** Luaigh **dhá** chúis a ndéanfadh gnólacht taighde margaidh. (15 mharc)

**(D)** **(i)** Luaigh **dhá** bhuntáiste a bhaineann le húsáid ainm branda.
**(ii)** Tabhair **dhá** shampla de bhrandaí **domhanda**. (15 mharc)

**(E)** Mínigh an téarma 'spriocmhargadh'.
Tabhair sampla **amháin** chun do fhreagra a léiriú. (15 mharc)

**(75 mharc)**

**NÁ DÉAN DEARMAD AN CEISTPHÁIPÉAR SEO A CHUR AR AIS LE DO FHREAGARLEABHAR**

## CEIST 8

*Léigh an t-eolas a thugtar agus freagair na ceisteanna a leanas.*

*Is trádálaí aonair é Jeaic Ó Súilleabháin a bhfuil cúigear fostaithe aige. Tá bácús beag agus siopa caife aige in Inis. Is leis féin a áitreabh agus veain a úsáidtear chun a chuid aráin agus cácaí a sheachadadh ar shiopaí áitiúla i gceantar na hInse.*

*Tá laghdú feicthe ag Jeaic ar a dhíolacháin agus ar a bhrabús de dheasca chúlú an gheilleagair agus tá sé beartaithe aige an caiteachas ar fhógraíocht a mhéadú. Chomh maith leis sin tá sé ag smaoineamh ar leas a bhaint as modhanna chun an díolachán a chur chun cinn, nithe mar laghdú praghsanna chun díolacháin a mhéadú. Tá Jeaic tar éis iarraidh ar an mbanc an teorainn leis rótharraingt bhainc atá aige a ardú.*

**(A)** Luaigh **(i)** **dhá** bhuntáiste
AGUS
**(ii)** **dhá** mhíbhuntáiste a bhaineann le gnó trádálaí aonair. (20 marc)

**(B)** **(i)** Ainmnigh **trí** shaghas árachais ba cheart do Jeaic a bheith aige dá ghnólacht.
**(ii)** Tabhair cúis **amháin** le gach saghas árachais díobh sin a bheith aige. (20 marc)

**(C)** Tabhair breac-chuntas ar **thrí** mheán fógraíochta a d'fhéadfadh Jeaic a úsáid chun a ghnó a chur chun cinn. (15 mharc)

**(D)** Seachas laghdú praghsanna, tabhair breac-chuntas ar **dhá** mhodh eile chun an díolachán a chur chun cinn a bhféadfadh Jeaic leas a bhaint astu chun díolacháin a mhéadú. (10 marc)

**(E)** Mínigh an téarma 'rótharraingt bhainc'. (10 marc)

**(75 mharc)**

**NÁ DÉAN DEARMAD AN CEISTPHÁIPÉAR SEO A CHUR AR AIS LE DO FHREAGARLEABHAR**

Leathanach Bán